


GCSE



TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ  
GCSE CCEA

# Eolaíocht Teastais Dhúbailte Lámhleabhar Praiticiúil

Aonad 7: Scileanna Praiticiúla

C5: Mais an uisce atá i láthair i  
gcriostail hidráitithe a aimsiú



## Mais an uisce atá i láthair i gcriostail hidráitithe a aimsiú

Tá 'uisce criostalúcháin' i láthair i solad hidráitithe. Is é seo uisce atá 'cuinrithe go ceimiceach' sa chriostalstruchtúr. Má théitear solad hidráitithe go séimh, scaoilfear an t-uisce agus caillfidh an solad mais. Sa turgnamh seo téifidh tú criostail shulfáit iarainn(II) hidráitithe. Trí na criostail a théamh go cúramach agus tomhais na maise a thaifeadadh, is féidir linn mais an uisce sna criostail a chuirtear ar fáil a ríomh.


Leis an obair phraiticiúil a dhéanamh, beidh na nithe seo a leanas de dhíth ar gach grúpa:-

- Sulfáit iarainn(II) hidráitithe,  $\text{FeSO}_4 \cdot x\text{H}_2\text{O}$  (1.30 g – 1.50 g)
- Spadal
- Buidéal meáite
- Dóire Bunsen, trichosach agus créthriantán
- Mata teasdionach
- Breogán
- Tlú
- Meá leictreonach

### Cúrsaí sábháilteachta

- Ba cheart an téamh a dhéanamh go séimh ionas gur lú an seans go ndianscaoilfear  $\text{FeSO}_4$ , bain úsáid as saotharlann dhea-aeráilte
- Tá sulfáit iarainn(II) díobhálach
- Caith spéaclaí sábháilteachta
- Bí cúramach le linn téimh, éireoidh gach fearas an-te

### Fearas



**Modh:**

1. Meáigh breogán, taifead luach na maise seo i do thábla torthaí.
2. Cuir idir 1.30 g agus 1.50 g de chriostail sulfáit iarainn(II) hidráitithe,  $\text{FeSO}_4 \cdot x\text{H}_2\text{O}$ , isteach. Meáigh an breogán arís, agus taifead an mhais nua sa tábla torthaí.
3. Cuir an breogán ina bhfuil na criostail shulfáit iarainn(II) hidráitithe ar an chréthriantán agus téigh go séimh ar feadh dhá bhomaite. Bí cúramach nach bhfoirmítear ocsaíd iarainn(III) dhonn más féidir.
4. Lig dó fuarú agus meáigh an breogán agus a inneachar, taifead an mhais.
5. Téigh an breogán agus a inneachar arís, meáigh arís, taifead an mhais nua.
6. Téigh agus meáigh arís agus arís eile dtí go bhfeictear mais thairiseach. 'Téamh go mais thairiseach' a thugtar ar an phróiseas seo agus cinníonn sé go mbaintear an t-uisce criostalúcháin ar fad as na criostail hidráitithe.

**Tábla na dtorthaí**

Léitheoireacht	Mais (g)
Mais an bhreogáin fholaimh	
Mais an bhreogáin fholaimh agus na gcristal	
Mais i ndiaidh an 1 <sup>a</sup> téimh	
Mais i ndiaidh an 2 <sup>a</sup> téamh	
Mais i ndiaidh an 3 <sup>a</sup> téamh	
Mais i ndiaidh an 4 <sup>a</sup> téamh	

**Anailís ar shonraí**

Mais na gcristal hidráitithe \_\_\_\_\_ g

Mais na gcristal ainhidriúil \_\_\_\_\_ g

Mais uisce criostalúcháin \_\_\_\_\_ g